Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2022 (OR. en)**

**15135/22**

**MI 858**
**COMPET 936**
**POLARM 2**
**CFSP/PESC 1594**
**COARM 254**
**DELACT 210**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 13374/22 + ADd 1 - C (2022) 6970 final |
| Ábhar: | TREOIR TARMLIGTHE (AE) ÓN gCOIMISIÚN .../... an 5.10.2022 lena leasaítear Treoir 2009/43/CE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an Aontais Eorpaigh<br>an 21 Feabhra 2022<br>- Intinn gan cur i gcoinne gníomh tarmligthe |

1. An 5 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an dréacht-Treoir Tarmligthe thuasluaite lena leasaítear, de bhun Airteagal 13 agus 13a(4) de Threoir 2009/43/CE[1], an Iarscríbhinn a ghabhann léi.

   Is é an 21 Feabhra 2020 an dáta deiridh a thug an Chomhairle Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh cothrom le dáta[2]. Ní dhearnadh an Iarscríbhinn a ailíniú leis an leasú is déanaí sin ar an Liosta Comhchoiteann Míleata, agus ní mór é sin a dhéanamh tríd an ngníomh tarmligthe seo a ghlacadh.

[1] Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lgh. 1-36); Leagan comhdhlúite reatha - 7/10/2021;
[2] IO C 100, 1.3.2022, lch. 3.

2. Leasaíodh Treoir 2009/43/CE le Rialachán (AE) 2019/1243[3] lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagail 290 agus 291 CFAE[4].

3. Foráiltear le hAirteagal 1 den Treoir Tharmligthe go gcuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir Tharmligthe thuas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Treoir 2009/43/CE, arb ionann a inneachar agus an Liosta Comhchoiteann Míleata mar a thug an Chomhairle cothrom le dáta é go deireanach.

4. An 10 Deireadh Fómhair 2022, iarradh ar na toscaireachtaí a léiriú faoin 22 Samhain 2022 má bhí sé i gceist acu cur i gcoinne an dréachtchinnidh tharmligthe. Níor tharraing aon toscaireacht aon fhorais ábhartha anuas le cur ina choinne. Rachaidh an sprioc-am oifigiúil trí mhí in éag an 6 Eanáir 2023, agus glacfar an gníomh tarmligthe ina dhiaidh sin.

5. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a dhearbhú, mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, nach bhfuiltear ag cur i gcoinne an dréachtchinnidh tharmligthe, mar a leagtar amach in 13374/22 + ADD 1 é.

---

3 Rialachán (AE) 2019/1243 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 198, 25.7.2019, lgh. 241-344);

4 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, (IO C 326, 26.10.2012, lgh. 47-390).